Na constaicí roimh dhaoine a fhaigheann fordheontas cíosa agus atá I gcóiríocht ar cíos príobháideach, nuair atá fostaíocht á lorg acu

Conor Ryan,
Research and Evaluation Officer, Blanchardstown Area Partnership.

NDP
NATIONAL DEVELOPMENT PLAN
Your Plan - Your Future

blanchardstown
area partnership
action for positive change

Admhálacha

Ba mhaith leis an údar buíochas a ghabháil leis na daoine uile a chuidigh leis an bpáipéar beartais seo:

- Tá buíochas ar leith ag dul do Susan Bookle, Leas-Bhainisteoir Chomhpháirtíocht Ceantair Bhaile Bhlainséir as a tacaíocht ghinearálta agus a tuairimí cúntacha
- Do Jackie agus Patrick as a dtaithí fíorshaoil a roinnt linn agus iad ceaptha ag an bhfordheontas cíosa phríobháidigh mar a léirítear sa dá chás-staidéar
- Mary Tighe, Aideen McKeon, Eimear Finnegan agus Brenda O'Brien, eadránaithe sa tSeirbhís Fostaíochta Áitiúil
- Cathy McLoughlin, Bainisteoir Seirbhísí Oiliúna Bhaile Bhlainséir
- P.J Howell, Cathaoirleach Chomhpháirtíocht Ceantair Bhaile Bhlainséir
- Linda Curran, Bainisteoir Chomhpháirtíocht Ceantair Bhaile Bhlainséir
- Kevin Quinn, an tIonad do Dhífhostaithe Bhaile Bhlainséir

Do bhaill reatha agus d'iarbhaill Bhord Fhorfheidhmithe na Pleanála Geilleagraí i gComhpháirtíocht Ceantair Bhaile Bhlainséir lena n-áirítear

· Ken Germaine	Ionad Fiontair BASE
· Tom Toner	Grúpa Tacaíochta Lucht Taistil Bhaile Bhlainséir
· Carmel Fitzpatrick	An tIonad do Dhífhostaithe Bhaile Bhlainséir
· Michael McCabe	An tIonad um Beatha Neamhspleách
· Patricia Swords	An Roinn Leasa Shóisialaigh
· Liam McGlynn	Comhairle Contae Fine Gall
· Anne Marie Farrelly	Comhairle Contae Fine Gall
· Charlie O'Connor	FÁS
· Alan Carroll	Feidhmeannach Sheirbhísí Sláinte an Limistéir Thuaidh
· Gerry Keogh	'Obair' / Seirbhís Fostaíochta Áitiúil

Gluais Téarmaí

ADM	Bainistíocht Forbartha an Cheantair
BAP	Comhpháirtíocht Ceantair Bhaile Bhlainséir
BTS	Seirbhís Oiliúna Bhaile Bhlainséir
CENSS	Seirbhís Tacaíochta an Ghréasáin Fostaíochta Pobail
CPA	An Ghníomhaireacht um Chomhrac Bochtaineachta
CWO	An tOifigeach Leasa Pobail
DSFA	An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
ESO	An tOifigeach Seirbhísí Fostaíochta
ESRI	An Foras Taighde Gheilleagaraigh agus Shóisialta
FÁS	An Foras Áiseanna Saothair
FCC	Comhairle Contae Fine Gall
FCCC	Coiste Cúraim Leanaí Chontae Fine Gall
FIS	Fordheontas Ioncaim Teaghlaigh
HSE	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
INOU	Eagraíocht Náisiúnta Dhífhostaithe na hÉireann
LES	Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla
NEAP	An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Fostaíochta
NMW	An tÍostuarastal Náisiúnta

Mír 1 Réamhrá 4

Mír 2 An staid reatha i mBaile Bhlainséir 5

2.1 Gearrphróifíl ceantair agus príomhghnéithe Bhaile Bhlainséir 5
2.2 Sprioc-Ghrúpaí 5
2.3 Tréithe an Fhórsa Saothair 5
2.4 An Méid Daoine a Fhaigheann Fordheontas Cíosa i mBÁC 15 agus na Treochtaí atá á Nochtadh 6
2.5 Uimhreacha Iomlána 6
2.6 Tréimhse na nÉileamh 6
2.7 Éileamh Cíosa de réir Stádais Phósta 6
2.8 Sonraí Tithíochta Bhaile Bhlainséir 7
2.9 An Réasúnaíocht i leith na gCás-Staidéar 8

Mír 3 Constaicí a bhíonn ann do Dhaoine ó thaobh an Fhordheontais Chíosa 11

3.1 Tairseach Íseal na Sochar Tánaisteach agus Dolúbthacht an Chórais: Constaic Staide agus Institiúideach 11
3.2 Na torthaí do theaghlach ísealioncaim as a bheith neamh-incháilithe d'fhordheontas cíosa: Constaic Comhthéacs 11
3.3 Easpa Tithíochta Sóisialta Inacmhainne: Constaic i leith Comhthéacs 12
3.4 Deacrachtaí Cúraim Leanaí: Constaic Institiúideach 13
3.5 Cailliúint cárta leighis: Constaic Staide 13
3.6 Athruithe sna critéir don Scéim Fiontair um Fhilleadh ar Obair: Constaic Institiúideach agus Chomhthéacs 14
3.7 Easpa aitheantais do cháilíochtaí oideachais agus gan sirtheoirí tearmainn ábalta glacadh le cláir oideachais nó freastal ar an 3ú leibhéal: Constaic Institiúideach 15
3.8 Ding cánach agus díchur saothraithe náisiúnta íostuarastail as an líon cánach: Constaic Chomhthéacs 15
3.9 Fordheontas Ioncaim Teaghlaigh (FIS): Constaic Chomhthéacs 16

Mír 4 Ceisteanna a Éiríonn i leith Seirbhísí Bhaile Bhlainséir 16

4.1 Seirbhísí Oiliúna Bhaile Bhlainséir (BTS) 16
4.2 LES/Joblink 17

Mír 5 Moltaí 17

Mír 6 Conclúidí 19

Mír 1 Réamhrá

Sainmhíniú [1]
"Is íocaíocht é Fordheontas Cíosa atá iníoctha le duine i gcóiríocht ar cíos príobháideach ar measúnaíodh go raibh gá le cóiríocht aige/aici, a chomhlíonann critéir ioncaim agus nach féidir leis/lei íoc as costas cóiríochta ar cíos príobháideach as a (h)acmhainní féin."

Ceann de thosaíochtaí na hÉireann i 2004, le linn ár nUachtaránachta ar Aontas na hEorpa, bhí sé dírithe ar *"íocaíocht ar obair a chinntiú"*. Ar an drochuair, tá dídhreasachtaí nó bacainní struchtúrtha ann fós a fheidhmíonn mar gaistí bochtaineachta i gcás grúpaí de dhaoine leochaileacha a chónaíonn in Éirinn. Is í an dhídhreasacht is mó a bhfuil tionchar aige ar spriocghrúpaí de Chomhpháirtíocht Ceantair Bhaile Bhlainséir ná páirtchailliúint nó lánchailliúint an fhordheontais chíosa. Baineann seo le daoine a oibríonn thar thríocha uaire sa tseachtain, agus leis an gcóras aisghlámtha d'oibrithe páirtaimseartha agus d'oibrithe i scéimeanna Fostaíochta Pobail. In an-chuid tosca ar leith, tig seo a neadú *a thuilleadh,* trí chailliúint fhéideartha an chárta leighis agus/nó tuiscintí faoi chostais chúraim leanaí. Is é an toradh air, gur fearrde daoine ó thaobh airgeadais de má shocraíonn siad gan dul (ar ais) san fhórsa saothair. Luafaidh an páipéar beartais seo na príomhchonstaicí a bhíonn roimh chliaint na Comhpháirtíochta, atá i gcóiríocht phríobháideach agus ag fáil fordheontais chíosa, má bhíonn fostaíocht á lorg acu. Déanfar sé roinnt moltaí, freisin, a chuideoidh le cur ina gcoinne.

Sa tuarascáil um Chomhrac Bochtaineacht a eisíodh le déanaí[2] mínítear an fáth a gcríochnaíonn go leor daoine ar fhordheontas cíosa agus iad ina gcónaí i gcóiríocht ar cíos príobháideach. Léiríonn seo an meath leantach atá tagtha ar mhéid na hearnála tithíochta sóisialta mar chionmhaireacht de stoc iomlán tithíochta na hÉireann. Tá an costas tithíochta ag síormhéadú, go háirithe ar fud mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Mar thoradh díreach air seo tá níos mó daoine ag áitiú in eastáit nua, áit a mbíonn flúirse cóiríochta ar fáil ar cíos príobháideach, de bharr na liostaí fada náisiúnta atá ann do thithe na gcomhairlí. Toisc gur thit líon na dtithe inacmhainne agus gur lúide go mór an líon tithe comhairlí atá ann mar rogha ag lucht ísealioncaim (Fahey et al, 2004; Punch et al, 2002), d'fhabhraigh an fordheontas cíosa mar cheann de na príomh-fhóirdheontais do tithe ísealioncaim[3] (Buck, B). Cruthaíonn na forbairtí seo baol bochtaineachta breise dóibh siúd a mbíonn orthu teach a fháil ar cíos príobháideach. Tá ról tábhachtach ag an earnáil chíosa phríobháidigh i soláthar tithíochta sóisialta, agus i gcabhrú le forbairt meascán sóisialta níos fearr agus cur in aghaidh an imscartha shóisialta (dréacht-straitéis tithíochta Chomhairle Contae Fine Gall). Sa chéad mhír eile tá cuntas imlíneach de na príomhathruithe próifíle a tharla le déanaí don deimeagrafaíocht daonra i mBaile Bhlainséir, maraon le hanailís ar shonraí den líon daoine a fhaigheann fordheontas cíosa i mBaile Átha Cliath 15.

1 Leabhrán faoi Fhordheontas Cíosa an Liúntais Fhorlíontaigh Leasa 2004
2 *Housing, Poverty agus Wealth in Ireland*, le Fahey et al ESRI
3 Tugann DSCFA i bhfad níos lú airgid do dhaoine anois chun cabhrú leo íoc as a gcuid cíosa ná mar a chaitheann an Roinn Comhshaoil ar fhorbairtí tithíochta nua. *Poverty agus Wealth in Ireland*, le Fahey et al ESRI

Mír 2 An staid reatha i mBaile Bhlainséir

Go teicniúil, má théann ioncam teaghlaigh thar €317.43, ní cóir fordheontas cíosa a íoc. I mbuiséad 2000 rinne an rialtas iarracht déileáil le roinnt de na dídhreasachtaí fostaíochta. Dá thoradh seo déantar neamhshuim anois den Liúntas um Fhilleadh ar Obair agus den Fhordheontas Ioncaim Teaghlaigh[4], nuair a bhíonn ioncam teaghlaigh á mheas. ***Ina ainneon seo, tá fianaise breise ann a thugann le fios go bhfuil feinimeán nua ag tarlú trína bhféadfadh daoine i gcóiríocht údaráis áitiúil a bheith i gcruth níos fearr chun post a ghlacadh ná iad siúd atá san airneáil cíosa phíobháidigh, toisc na slí ina meastar a gcíos***[5] (Kerrins, L agus Memory, C, 2002).

2.1 Gearrphróifíl ceantair agus príomhghnéithe Bhaile Bhlainséir

Tá Baile Bhlainséir ar cheann de na bruachbhailte is óige agus is mó fáis in Éirinn inniu. De réir Dhaonáireamh 2002, tá daonra 50,607 duine ann i gcomparáid le 38,612, amháin, sé bliana roimhe sin. Is mó go mór an ráta fáis seo de c. 5% sa bhliain ná na figiúirí fáis comhfhreagracha a cláraíodh don Stát, do Bhaile Átha Cliath agus do cheantar Fine Gall, faoi seach. Ag na rátaí fáis reatha, méadóidh daonra teilgthe Bhaile Bhlainséir go thart ar 61,000 duine faoi 2006.

2.2 Sprioc-Ghrúpaí

Ceann de na fachtóirí a chuireann le méadú daonra Bhaile Bhlainséir is ea an líon mór náisiúnach eachtrach[6] atá ag lonnú sa cheantar. Is náisiúnaigh eachtracha iad 11% de dhaonra Bhaile Bhlainséir anois. Easnamh amháin atá ar an Daonáireamh is déanaí ná nár áirigh sé sonraí eitneacha. Tá dhá chúis leis an líon mór sirtheoirí tearmainn agus dídeanaithe a chónaíonn sa cheantar:

- go bhfuil soláthar réasúnta cóiríochta ann ar cíos atá sa raon meánchostais.
- beartas an Rialtais sna luath-1990dí, nuair a ghlac Éire le dídeanaithe ó Bosnia faoi Chairt na Náisiún Aontaithe, fad a bhí cogadh na mBalcán faoi lán seoil.

Is Tuismitheoirí Aonair, spriocghrúpa eile de chuid BAP, atá i gceannas 14.2% de na teaghlaigh uile i mBaile Bhlainséir, rud ab ionann agus méadú ar an bhfigiúr comhfhreagrach de 9.9% thiar i 1996. Ar ndóigh ní grúpa aonchineálach iad na tuismitheoirí aonair, ach grúpa a chuimsíonn go leor cineálacha éagsúla teaghlaigh ina bhfuil tuismitheoirí atá neamhphósta, scartha nó ina mbaintrigh (fir nó mná) agus iad ag tógáil páistí ina n-aonar. De ghnáth, bíonn baol bochtaineachta thar an meán ann do theaghlaigh na dtuismitheoirí aonair, agus bíonn na hioncaim is lú ag máithreacha aonta (Millar, 1992; Nolan agus Callan, 1994).

2.3 Tréithe an Fhórsa Saothair

Tháinig méadú 10,568 duine ar an bhfórsa saothair i mBaile Bhlainséir idir 1996 agus 2002. Dá thoradhsan tá an ráta rannpháirtíochta 69% sa mhargadh saothair áitiúil níos mó ná an meánráta comhfhreagrach náisiúnta de 58.3%. Dá ainneoin seo, tá an ráta dífhostaíochta i mBaile Bhlainséir go diúnasach ard ag 9.8%, agus i bhfad níos airde (23.1%) i roinnt toghroinn ceantair[7] ar nós Bhaile an Tirialaigh. Rud nach eol, áfach, ná an bhaint atá idir na leibhéil níos airde dífhostaíochta i mBaile Bhlainséir agus gaistí bochtaineachta na tithíochta fordheontais chíosa.

4 Tionscnaíodh FIS chun an luach saothair ó obair a mhéadú trí bhreis ioncaim a sholáthar do theaghlaigh ar phá íseal. Mar shampla, d'fhéadfadh tuismitheoir aonair ar thuarastal íseal a bheith i dteideal FIS, maraon le híocaíocht do Theaghlach Aontuismitheora, Mná Céile Tréigthe nó Pinsean (Ranníocaíoch) Baintrigh Fir nó Mná. Mar an gcéanna, duine a fhaigheann Liúntas um Fhilleadh ar Obair mar fhostaí d'fhéadfadh sé/sí bheith cáilithe d'íocaíocht FIS. Is féidir le daoine ar FIS, freisin, a bheith i dteideal íocaíochtaí ar nós liúntais bhreosla, éadaí agus coisbheart um fhilleadh ar scoil.
5 Fordheontas Cíosa, Tuarascáil Bheartais Shóisialta, Comhairle/*Threshold*
6 Is ionann náisiúnach eachtrach agus duine nach Éireannach é.
7 Tá Baile Bhlainséir comhdhéanta de 8 Toghroinn Ceantair. Go minic ní hionann an TC agus an ceantar a aithníonn an pobal de ghnáth, e.g. eastáit údaráis áitiúil amháin ar a dtugtar Baile an Bhlácaigh go háitiúil, tá sé i TC Chúil Mín agus ní in TC Bhaile an Bhlácaigh.

2.4 An Méid Daoine a Fhaigheann Fordheontas Cíosa i mBÁC 15 agus na Treochtaí atá á Nochtadh

Foinse: Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte



2.5 Uimhreacha Iomlá



- **Idir 2002-2004 tháinig méadú *drámata de 79%, ó 1,433 go 2,566 cás,* ar líon na ndaoine a fuair fordheontas cíosa phríobháidigh.**[8] Ní raibh an méadú ar dhaonra Mór-Bhaile Bhlainséir níos mó ná 10% sa tréimhse chéanna.
- Is cuid suntais eile é, **go raibh beagnach 80% de thairbhithe an fhordheontais chíosa i 2004 ina náisiúnaigh eachtracha.**

2.6 Tréimhse na nÉileamh

I gcoitinne, is cosúil go bhfaigheann tairbhithe tacaí íocaíochta thar thréimhsí níos faide anois ná mar a tharla cheana, cé go bhfuil roinnt eisceachtaí ann sa chatagóir do tréimhsí níos lú ná sé mhí.

- 30% acu siúd uile a fhaigheann fordheontas cíosa, bhí idir 1-2 bliain á n-éileamh acu i 2004. Is méadú an-mhór é seo ar an bhfigiúr comhfhreagrach de 12.42%, amháin, cúpla bliain níos luaithe.
- Tháinig méadú thar 13% ar chéatadán na ndaoine a bhí ag fáil fordheontas cíosa do 2-3 bliana i 2004.
- Bhí titim shuntasach sa chatagóir d'aga níos lú ná sé mhí ó 43.8% go 24.66% i 2004.

2.7 Éileamh Cíosa de réir Stádais Phósta

- I 2004 bhí 38.5% de na tairbhithe pósta. Bhí seo níos ísle ná an t-iomlán de 41.7% i 2002.
- Le blianta beaga tá méadú leantach ag teacht ar an gcéatadán de dhaoine scartha a fhaigheann fordheontas cíosa agus bhí thar 10% i gceist anseo i 2004.
- Tháinig méadú go 34.29% ar an gcéatadán de chúplaí an dlí choiteann/aontís faoi dheireadh 2004.
- I 2004 bhí 38.5% de na tairbhithe neamhphósta. B'ionann seo agus titim bheag le blianta beaga anuas.

8 Chuir Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte táblaí Excel faoi fhordheontas cíosa ar fáil do BAP. Rinneadh anailís ar na táblaí seo agus baineadh na croí-shonraí astu.

2.8 Sonraí Tithíochta Bhaile Bhlainséir

Léiríonn **Tábla 1** thíos roinnt treochtaí spéisiúla faoin gcineál áitíochta tí ar fud Bhaile Bhlainséir ar cuid suntais iad i gcomhthéacs an pháipéir bheartais seo. An rud is iontaí ná ***an forlaghdú suntasach ar chéatadán na dtithe a ghlac cónaitheoirí Bhaile Bhlainséir ar cíos ón údarás áitiúil idir 1991 agus 2002***. Nochtann anailís bhreise ar shonraí na staitisticí tithíochta do dhaonraí mioncheantar, gur glacadh **1,881** teach ar cíos ón údarás áitiúil i 1991, agus nár glacadh ach **1,398** teach uaidh i 2002. I Mullach Eadrad, mar shampla, thit céatadán na dtithe a bhí ar cíos ón údarás áitiúil ó 84.5% go 27.2%. Tharla laghdaithe a bhí níos lú, ach suntasacha mar sin féin, i gCúil Mín, i mBaile an Tirialaigh agus sa Chorr Dubh.

Míniú amháin ar an laghdú seo ná go bhfuil a dtithe ceannaithe ag daoine ón údarás áitiúil. Aistríodh ó úinéireacht phríobháideach thart ar dhá thrian den 300,000+ áitreabh a mheastar a bheith tógtha ag na húdaráis áitiúla, trí scéim na dtithe inacmhainne, rud a d'fhág stoc 109,000 áitreabh ag na húdaráis áitiúla faoi dheireadh 2002 (NESC 2004)[9]. Meastar gur tháinig an ceathrú cuid de thithe uile úinéir-áitrithe an náisiúin as stoc na n-údarás áitiúil (Fahey, 1998). Cúis eile is ea gur cheannaigh Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte, freisin, tithe a bhí roimhe sin i seilbh na n-údarás áitiúil.

Ina choinne sin *tharla níos mó ná dúblú ó 3.9% go 9.8% ar líon na dtithe príobháideacha ar cíos*. Cé nach raibh ach 309 teach príobháideach ar cíos i mBaile Bhlainséir i 1991, bhí 1,500 glan ann i 2002. ***Don chéad uair riamh, mar sin, tá níos mó tithe ar cíos príobháideach i mBaile Bhlainséir ná mar atá ar cíos ón údarás áitiúil***. I Mullach Eadrad tá ceann amháin as gach

Tábla 1
An Cineál Áitíochta i mBaile Bhlainséir idir 1991 agus 2002

Toghranna Ceantair	% Cóiríochta Ar Cíos Príobháideach [10] 2002	% Cóiríochta Ar Cíos Príobháideach 1991	% Ar Cíos ón Údarás Áitiúil 2002	% Ar Cíos ón Údarás Áitiúil 1991
Baile an Aba	21.1	14.9	2.6	4.6
Baile an Bhlácaigh	9.9	4.6	0.8	.4
Cúil Mín	11.8	1.1	21.1	50.7
An Chorr Dubh	2.9	2.9	26.8	40.7
Delwood	9.2	3.96	0.8	1
Mullach Eadrad	12.5	0	27.2	84.5
Roselawn	6	3.6	0.5	1.1
Baile an Tirialaigh	3.7	0.4	66.9	85.5
Baile Bhlainséir	**9.8**	**3.9**	**9.1**	**22**

Foinse: An Lár-Oifig Straidrimh

9 *Housing in Ireland: Performance agus Policy*
10 Cuireadh le chéile na réimsí troscánaithe agus neamh-throscánaithe ar cíos

ocht dteach ar cíos príobháideach, cé nach

Comparáid idir líon na dtithe ar cíos ón údarás áitiúil agus ar cíos go príobháideach, Daonáireamh 1991 & 2002



raibh teach ar bith amhlaidh bliain déag ó shin.

Barrachairt 3

Conas a mhothaíonn daoine i ndáiríre faoi chóiríocht ar cíos príobháideach?

2.9 An Réasúnaíocht i leith na gCás-Staidéar

Ina dhiaidh seo luaitear cás-staidéir a bhaineann le beirt atá thíos le gaiste bochtaineachta an fhordheontais chíosa. Léiríonn agus díríonn an chéad chás-staidéar sé aird ar staid ina gcosctar Tuismitheoir Aonair ó Chláir Oiliúna, Fostaíochta FÁS a ghlacadh, nó ó bhogadh isteach i bhfostaíocht pháirtaimseartha nó lánaimseartha phríomhshrutha, toisc na gcritéir a bhaineann le híoc an fhordheontais chíosa. Baineann an dara cás-staidéar go sonrach le náisiúnach eachtrach a fuair cead fanacht in Éirinn agus le roinnt de na fíorconstaicí atá roimhe.

Cás-Staidéar 1

Tá **Jackie** (ní seo a hainm ceart) *ina tuismitheoir singil aon bhliain is fiche d'aois* atá dífhostaithe go fadtéarmach. I 1999 fuair sí a Teastas Sóisearach ó Mheánscoil Nmh. Pól, An Chabrach Thiar, Baile Átha Cliath 7. Nuair a d'fhág sí scoil, ghlac Jackie le post ar an mbaile mar Chuntóir Miondíola ag *Fosters and Pozers* agus ansin i Lárionad Bhaile Bhlainséir. Chríochnaigh Jackie a hoiliúint ar jab lena fostaitheoir, i gcúrsaí díolacháin agus cúraim custaiméara, agus rinne sí bunchúrsa ríomhaireachta, freisin.

Sa chéad dá bhliain ag Jackie mar thuismitheoir aonair, chónaigh sí sa bhaile lena tuismitheoirí, le deartháir agus le deirfiúr le sainriachtanais. Cé gur íoc sí don lóistín, bhí sí in ann íoc as cúramóir leanaí, freisin, rud a lig di dul ag obair. Tá Jackie cláraithe le haghaidh tí ar chlár Údarás Áitiúil Fine Gall. Ós rud é go raibh teach a tuismitheoirí plodaithe anois bheartaigh Jackie cóiríocht ar cíos príobháideach a lorg in árasán aonseomra leapa, le tacaíocht €880 sa mhí ó Fhordheontas Cíosa an Leasa Fhorlíontaigh.

Chuaigh Jackie chuig LES/Joblink le haghaidh oibre agus oiliúna. Tá súil aici athrú ón ngairm miondíolacháin a bhí aici roimhe seo go réimse ina mbeadh deis níos fearr aici teacht ar phostroinnt nó ar obair pháirtaimseartha, d'fhonn freastal ar dhualgais teagh-

laigh.

Tharchuir Eadránaí LES Jackie chuig Treoirchomhairleoir Aosach agus cuireadh i dteagmháil í, freisin, le hIonad na nDífhostaithe i mBaile Bhlainséir, áit ar fheabhsaigh sí a cuid scileanna méarchláir. Chuidigh an tEadránaí, freisin, le nuachóiriú Curriculum Vitae Jackie, rianaigh sé gairmchosán di agus chuir in aithne í do Ghrúpa Tacaíochta na nÓg-Mháithreacha áitiúla. Sa deireadh thiar rinne an tEadránaí teagmháil leis an Oifigeach Leasa Phobail áitiúil ag lorg dearbhú i scríbhinn faoi na hiarmhairtí a bheadh ann dá Fordheontas Chíosa dá nglacfadh sí le hOiliúint nó le Fostaíocht FÁS.

Dúshláin ar leith dá Dul Chun Cinn

1. Cuireann na beartais a bhaineann leis an bhFordheontas Cíosa (Leas Forlíontach) bac ar Jackie smaoineamh ar oiliúint phríomhshrutha FÁS, ar Fhostaíocht Phobail, ar Fhostaíocht Pháirtaimseartha, agus ar Fhostaíocht Lánaimseartha.
2. Easpa cúraim leanaí atá inacmhainne.
3. Gan teacht aici ar thithíocht ón Údarás Áitiúil.

Torthaí don Chliaint

Tá Jackie, go héifeachtach, “ar feitheamh” faoi láthair, ***de bharr na ndídhreasachtaí in aghaidh filleadh ar obair nó glacadh le hoiliúint. Tá sí gan oiliúint fós sa réimse oibre a sainaithníodh sa phleanáil gairme di agus ag éirí dom-heanmnach agus sáraithe de bharr an ghaiste bhochtaineachta seo.***

Torthaí don tSeirbhís

Caitheadh an-chuid ama agus iarrachtaí ag scrúdú bealaí ina bhféadfaí cuidiú le Jackie dul chun cinn a dhéanamh trí oiliúint agus forbairt. Chuir na beartais a bhaineann leis an bhfordheontas cíosa bac ar an bpróiseas eadrána agus ar aon dul chun cinn ceart. Tá Jackie ar feitheamh ag an tseirbhís anois, agus seiceáiltear ó am go ham an bhfuil athrú tosca nó athrú beartais tarlaithe.

Cás-Staidéar 2

Is fear tríocha bliana d'aois é **Patrick** (ní sin a ainm ceart) ó Chongó na hAfraice, a tháinig go hÉirinn ag lorg tearmainn i 2000. Dhá bhliain ina dhiaidh sin tugadh "cead fanacht" in Éirinn dó. Chríochnaigh Patrick a Scoil Mheánach, nó leibhéal coibhéiseach leis an Ardteistiméireacht, agus bliain amháin ar chúrsa gnó ag an tríú leibhéal ina thír dhúchais, an Chongó. Tar éis dó críochnú sa choláiste d'oibrigh sé mar Chúntóir Miondíola. Tá Patrick pósta agus tá beirt pháistí aige, duine acu ar dhrochshláinte.

Tarchuireadh Patrick chuig an tSeirbhís Fostaíochta Áitiúil / Joblink i mBaile Bhlainséir mar iarrthóir ar an NEAP. Chas Eadranaí LES leis ar roinnt ócáidí chun scrúdú a dhéanamh ar na roghanna atá aige, lena n-áirítear an *Revenue Job Assist*. Ba mhaith leis a chuid cáilíochtaí a dhaingniú agus tógáil orthu. Tá Cúrsa Oiliúna FÁS i Scileanna Ríomhaireachta críochnaithe aige agus tá glactha leis ar an rogha Gnó / Béarla atá le tosú i mí Mheán Fómhair i gColáiste an Halla Bháin. I Meán Fómhair 2004, freisin, chláraigh Patrick don Chlár *Pathways*, ach cuireadh ar ceal é, rud ab ábhar díomá agus frustrachais don chliant.

Chuir Patrick isteach ar an-chuid post a fógraíodh go hoscailte ach tar éis dó labhairt leis na fostóirí féideartha dúradh leis gur tarraingeadh siar an post. Tá faighte amach aige ó shin gur athfhograíodh na poist seo tar éis dó a chuid fiosrúchán a dhéanamh. Tá ag teip glan air an bhearna idir an bhfordheontas cíosa agus a chumas saothraithe a líonadh.

Dúshláin ar leith dá Dhul Chun Cinn

1. Ciníochas institiúideach, léirithe sna freagraí teoranta ó fhostóirí ionchais ar iarratais d'fhógraí faoi jabanna.
2. Easpa teistiméireachtaí oibre in Éirinn.
3. Easpa aitheantais do cháilíochtaí oideachais coibhéiseacha.
4. Cuireann na beartais a bhaineann leis an bhFordheontas Cíosa (Leas Forlíontach) bac ar Patrick post lánaimseartha a lorg.
5. Easpa aitheantais agus tuisceanna i measc fostóirí ar an *Revenue Job Assist*.
6. Eagla inbhraite ar fhostóirí aon dídeanaithe nó daoine a bhfuil "cead fanachta" acu a fhostú. Tá sé fíor-riachtanach, mar sin, go dtabharfadh an Chomhpháirtíocht / LES dúshlán na bhfachtóirí institiúideacha seo trí nascadh le gníomhaireachtaí ábhartha eile agus trí phrótacail a fhorbairt.
7. Easpa taithí ar struchtúir córais / maorlathais.
8. Bunteanais idir an spriocghrúpa agus an pobal dúchais atá faoi mhíbhuntáiste.

Torthaí don Chliant

Tá Patrick "ar feitheamh" faoi láthair go dtí go dtosóidh an oiliúint i gColáiste an Halla Bháin. Tá tairbhe áirithe faighte aige as eadráin, óir tá sé tosaithe anois ar Chonair Oiliúna agus bainfidh sé leas, freisin, as an idirghníomhú sóisialta le rannpháirtithe eile ar an gcúrsa oiliúna.

Torthaí don tSeirbhís

Caitheadh mórán ama agus fuinnimh ag scrúdú bealaí ina bhféadfaí cuidiú le Patrick dul chun cinn i gcúrsaí oiliúna agus fostaíochta. Chuir na beartais a bhaineann leis an bhfordheontas cíosa bac ar an bpróiseas eadrána agus ar aon dul chun cinn ceart. Tá Patrick fós ar feitheamh ag an tseirbhís, agus seiceáiltear ó am go ham an bhfuil aon athrú tosca nó beartais Náisiúnta tarlaithe.

Mír 3 Constaicí a bhíonn ann do Dhaoine ó thaobh an Fhordheontais Chíosa

11 Páipéar Faisnéise Eagraíocht Náisiúnta Dhífhostaithe na hÉireann '*Making Work Pay*'
12 Beartais NIG 1–an Mharagadh Saothair – Ag cruthú córas agus próiseas chun faisnéis a fháil ón margadh saothair, á bailiú ag foireann FÁS–cliaint NEAP.

3.1 Tairseach Íseal na Sochar Tánaisteach agus Dolúbthacht an Chórais: Constaic Staide agus Instiúideach

Tá an tairseach coinneála do shochair thánaisteacha[11] ar nós an fhordheontais chíosa agus an liúntais eadaí agus coisbhirt um fhilleadh ar scoil, gan athrú ó 1994 ag €317.43 sa tseachtain. Ní dhearnadh an tsuim seo a threoirnascadh le boilsciú riamh, rud a chealaíonn a fhiúntas ó thaobh luachanna an lae inniu (€429.48). D'fhéadfadh fíorchaillteanas ioncaim a bheith i gceist dá rachadh an tuarastal a thairgtear do dhuine a fhostaítear thar an tairseach seo. De bharr athruithe le déanaí ar theidlíocht don fhordheontas cíosa, chuaigh an staid chun donais mar, faoi na rialacha, má oibríonn duine amháin de chúpla go lánaimseartha (30 uaire), dícháilítear iad araon d'fhordheontas cíosa, neamhspleách ar an tuarastal atá i gceist.

I Nollaig 2003 cuireadh tuairisc[12] i gcrích don Ghrúpa Náisiúnta Comhpháirtíochta maidir leis na ***'Constaicí oiliúna agus fostaíochta'*** a bhíonn roimh chliaint FÁS i mBaile Bhlainséir agus i gCo. Loch Garmain. D'fhéach an tuairisc áirithe seo le:

- Fiosrú a dhéanamh faoi nádúr agus leitheadacht na gconstaicí i leith fostaíochta, ó mhí Feabhra 2004, atá ag cliaint an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta (NEAP) i mBaile Átha Cliath 15.
- Sonraí áirithe a sholáthar ó chásstaidéir i dtaobh chliaint NEAP FÁS a bhfuil 'constaicí i leith fostaíochta' le sárú acu.
- Gearrthuairisc a thabhairt ar na coinníollacha teidlíochta a bhaineann le Liúntas Cíosa agus Cártaí Leighis.

Scrúdaíodh cásanna maidir le cliaint NEAP a tarchuireadh chuig Oifigeach

Cúpla Pósta gan Pháistí

1. Céile / Páirtí a oibríonn ar feadh 3 lá nó níos lú

Uaireanta oibre	Tuarastal €	Ráta UA coigeartaithe	Ioncam teaghlaigh nua	Cáilithe d'fhordheontas cíosa faoi na rialacha nua	Cíos iníoctha lúide fordheontas cíosa*	Ioncam iomlán teaghlaigh lúide cíos iníoctha
20	140.00	136.65	276.65	Tá	15.45	261.20
29	203.00	64.65	267.65	Tá	13.00	254.65
30	210.00	56.65	266.65	Níl	178.00	88.65
40	280.00	13.85	293.65	Níl	178.00	115.85

2. Céile / Páirtí a oibríonn ar feadh 4 lá nó níos lú

Uaireanta oibre	Tuarastal €	Ráta UA coigeartaithe	Ioncam teaghlaigh nua	Cáilithe d'fhordheontas cíosa faoi na rialacha nua	Cíos iníoctha lúide fordheontas cíosa*	Ioncam iomlán teaghlaigh lúide cíos iníoctha
20	140.00	162.04	302.04	Tá	40.84	261.20
29	203.00	90.04	293.04	Tá	13.00	280.04
30	210.00	82.04	292.04	Níl	178.00	114.04
40	280.00	39.24	319.24	Níl	178.00	141.24

**Bunaithe ar chíos seachtainiúil de €178. (Uasleibhéal cíosa Údarás Sláinte Réigiúin an Oirthir do chúpla gan pháistí.)*

Seirbhísí Fostaíochta Bhaile Bhlainséir. Sainaithníodh dhá phríomhghaiste bochtaineachta. Bhain an chéad cheann le daoine nárbh fhéidir leo nó nach raibh siad toilteanach obair a dhéanamh, de bharr difríochta idir a bpacáiste leasa shóisialaigh agus an glanphacáiste dochúil tuarastail/sochar a bheadh le fáil acu dá n -oibreoidís.

Bhí oifigigh fostaíochta FÁS i mBaile Bhlainséir suite de gur bhain an gaiste bochtaineachta seo le 17% de chásanna. Maidir le 5% eile de chásanna mheas na hoifigigh, gan an chinnteacht céanna, áfach, go raibh an gaiste bochtaineachta seo i gceist, leis. Bhí oifigigh FÁS dearfa de gur bhain an gaiste bochtaineachta le náisiúnaigh eachtracha a fuair cead fanacht in Éirinn nó a raibh stádas dídeanaí acu agus teaghlaigh spleách orthu. Bhí liúntais chíosa shubstaintiúla (€900-€1,200 sa mhí) á bhfáil acu, maille le híocaíochtaí leasa shóisialaigh a bhí réasúnta ard (€220-€280 sa tseachtain). Is ródhócha go raibh sochair thánaisteacha, e.g. liúntas breosla á bhfáil ag na cliaint seo, freisin, a bheadh i mbaol dá bhfaigheadh siad obair. Chun go mbeadh cóimhéid an chomhphacáiste seo á fháil acu, chaithfeadh an ioncam teaghlaigh a bheith sa réimse €35-40,000 sa bhliain. Ní cosúil go bhféadfadh an grúpa seo suim dá shórt a shaothrú, áfach, toisc go raibh leibhéil a scileanna íseal.

3.2 Na torthaí do theaghlach ísealioncaim as a bheith neamhincháilithe d'fhordheontas cíosa: Constaic Comhthéacs

<u>Sholáthraigh Eagraíocht Náisiúnta Dífhostaithe na hÉireann (INOU) na sleachta seo a leanas agus na táblaí thíos.</u>

Bhí John agus Mary, atá gan páistí, ag fáil UA agus QA, chomh maith le fordheontas cíosa*. Bhí ioncam seachtainiúil de €224.20 ag an teaghlach, a laghdaíodh go €211.20 tar éis dóibh síntiús cíosa de €13 a íoc. Taispeántar thíos na hathruithe a tháinig ar an ioncam teaghlaigh nuair a chuaigh Mary ag obair. I gcoitinne, tagann méadú dáiríre ar ioncam teaghlaigh nuair a thosaítear ag obair. *Nuair a oibríonn Mary níos mó ná 30 uaire, áfach, ní bhíonn a n-ioncam inmharthana mar, faoi na rialacha nua, nuair a oibríonn duine amháin de chúpla go lánaimseartha (30 uaire), bíonn siad beirt neamhincháilithe d'fhordheontas cíosa. Is léir go gcruthaíonn seo gaiste bochtaineachta. Tá an t- ioncam teaghlaigh seo níos lú ná an íocaíocht leasa shóisialaigh is ísle ag duine singil – tairseach ar mhóidigh an Rialtas nach dtitfeadh aon duine faoi.*

Táblaí 2 & 3
Teaghlach – fear céile, bean chéile agus ceathrar páistí
Tairgtear post lánaimseartha (39 uaire sa tseachtain) d'fhear, a íocann €380 sa tseachtain. Bíonn an teaghlach neamhincháilithe d'fhordheontas cíosa ina dhiaidh sin agus dá bharrsan laghdaítear ioncam an teaghlaigh go €150 sa tseachtain, suim a chuimsíonn tuilleadh ón FIS. Conas is féidir le teaghlach dá mhéid maireachtáil ar an tsuim airgid sin? Dá bhfanfadh sé dífhostaithe bheadh ioncam de €291 ag an teaghlach agus choinneodh siad a bhfordheontas cíosa.

3.3 Easpa Tithíochta Sóisialta Inacmhainne: Constaic i leith Comhthéacs

Toisc nach féidir le soláthar tithíochta inacmhainne na gcomhairlí freastal ar an éileamh reatha, bíonn ar líon breise daoine cóiríocht ar cíos príobháideach a aimsiú dóibh féin. Comhthreormhar leis seo tá borradh faoin soláthar tithe príobháideacha ón tionscal tógála i mBaile Átha Cliath 15, 'ábhar meallta' breise ag daoine chuig an gceantar. Ní cosúil go dtiocfaidh athrú ar an staid seo, má áirítear an

13 Kevin Quinn, Lárionad Baile Bhlainséir do Dhífhostaithe.

ganntanas talún do thógáil tithe atá i gceantair Chomhairle Contae Dhún Laoghaire / Ráth an Dúin agus Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas. Tá sé réasúnta a mheas, mar sin, go dtiocfaidh méadú leantach easpónantúil ar líon na ndaoine a fhaigheann fordheontas cíosa i mBaile Átha Cliath 15 sna blianta beaga atá romhainn.

3.4 Deacrachtaí Cúraim Leanaí: Constaic Institiúideach

An dara gaiste bochtaineachta (9%) a phléigh tuarascáil FÁS, ***'Constaicí oiliúna agus fostaíochta'***, bhain sé le staid ina raibh cliaint neamhábalta nó neamhtoilteanach glacadh le hobair de bharr na ndeacrachtaí a bhí acu rochtain ar chúram leanaí inacmhainne agus/nó de bharr na difríochta idir an bpacáiste leasa shóisialaigh agus an glanphacáiste dóchúil tuarastail / sochar a bheadh acu dá rachaidís ag obair. Bunús an ghrúpa seo, ba thuismitheoirí aonair iad a bhí ag fáil Liúntas Tuismitheora Aonair maraon le híocaíochtaí sochair dhífhostaíochta (UB), nó a bhí lagsciliúil.

Ar an drochuair, is bocht freisin an soláthar seirbhísí áitiúla atá ar fáil i go leor comharsanachtaí ina bhfuil comhchruinniú mór de thuismitheoirí aonair. De thoradh an easpa cúraim leanaí, agus go háirithe cúram leanaí do spriocghrúpaí BAP, déantar iad a imeallú a thuilleadh. Toisc nach bhfuil ar chumas an-chuid tuismitheoirí aonair *rochtain ar chúram leanaí inacmhainne*, is deacair dóibh glacadh le hoiliúint atá fostaíochtghaolmhar, nó le cláir phearsanta forbartha nó fostaíochta. Aibhsíonn tuairisc Daonáireamh Cúraim Leanaí Chontae Fine Gall 2005, go bhfeidhmíonn trian de na creisianna pobail i mBaile Bhlainséir ar bhonn seisiún lánlae ó Luan go hAoine. Toisc nach féidir leo rochtain ar chreiseanna agus ar áiseanna eile cúraim leanaí, cailleann leanaí na dtuismitheoirí aonair an deis chun oideachais ardchaighdeáin réamhscoile a fháil, rud a chuireann as dá lánacmhainneacht oideachasúil níos faide anonn agus a dhéanann do-aimsithe dóibh sprioc an chomhionannais.

Rinneadh dul chun cinn áirithe i 2004, a chuir feabhas ar an soláthar cúraim leanaí i mBaile Bhlainséir. Tarraingíodh €1,250,000 anuas le déanaí faoin gClár Comhdheiseanna Cúraim Leanaí. Dá thoradh seo bunaíodh 85 ionad cúraim lae lánaimseartha, ina raibh creiseanna pobail a raibh rochtain ag tuismitheoirí aonair ar go leor acu. Go réalaíoch, caithfidh méadú suntasach a theacht ar líon na n-ionad *cúraim leanaí don phobal* agus beidh ar chreiseanna a n-uaireanta oscailte a leathnú. Cuireann na huaireanta

Táble 4: Dáiliú na Saothraithe Ioncaim Ar An GComhad Cánach

	Saor ó Cháin	Faoiseamh Imeallach	Ráta Caighdeánach	Ardráta	Iomlán
Roimh Bhuiséad 2005	**30.9%**	**.7%**	**32.5%**	**35.9%**	**1,910,279**
Roimh Bhuiséad 2004	**33.12%**	**.87%**	**32.6%**	**33.41%**	**1,893,800**
Roimh Bhuiséad 2003	**34.14%**	**.62%**	**35.27%**	**29.96%**	**1,885,300**

Foinse: Láithreán Gréasáin na Roinne Airgeadais

14 Sraith Beartais Shóisialta an Chárta Leighis '*Affording Health on a Low Income*', Deireadh Fómhair 2004, Comhairle.
15 Mary Tighe agus Aideen McKeon
16 Paul Douglas
17 Ag fáil Sochair Dhífhostaíochta nó Cúnaimh Dhífhostaíochta ar feadh 5 bliana ar a laghad nó ag fáil Sochair Mhíchumais ar feadh 3 bliana nó níos mó nó ag fáil Íocaíochta do Theaghlach Tuismitheora Aonair, Liúntais Mhíchumais, Phinsean na nDall, Cúnaimh Feirme, Fordheontais Dhífhostaíochta, Liúntais Réamhscoir, Pinsin Easláine, Liúntais Chúramóra, Pinsin (Neamh-Ranníocaigh) Baintrigh Fir/ Mhná, Sochair/Liúntais Mhná Céile Tréigthe nó Liúntais Mhná Céile Príosúnaigh ar feadh 12 mí ar a laghad.

oscailte teoranta bac ar mháithreacha glacadh le fostaíocht lánaimseartha, nuair nach bhfuil an acmhainn acu táillí na gcreiseanna príobháideacha a íoc. Go tipiciúil, bheadh máthair ag dréim go ngearrfaí €75 in aghaidh na seachtaine uirthi lena páiste a chur i gcreis phoiblí, i gcomparáid le €175 le hoibreoir creise príobháidí.

3.5 Cailliúint cárta leighis: Constaic Staide

Ceann de na príomhchúiseanna go gcinneann daoine gan filleadh ar an bhfórsa saothair ná go mbíonn eagla orthu go gcaillfidh siad an cárta leighis. Trí chárta leighis a bheith acu, ní bhíonn ar theaghlach íoc as taisteal nó táillí scoile agus bíonn siad i dteideal cúnaimh do leabhair scoile, freisin[13]. Bíonn luach beacht an chárta leighis ag brath ar shaintosca an tsealbhóra. Cé gur miosúr garbh é, is féidir a rá gur fiú thart ar €3,000 sa bhliain ar an meán an cárta leighis ag teaghlach ina bhfuil tuismitheoirí agus beirt leanaí (Mandan, I)[14]. Le blianta beaga, freisin, níor coinníodh na treoirlínte ioncaim do chártaí leighis ar aon chéim le méaduithe ar íocaíochtaí an leasa shóisialaigh.

Is féidir le daoine a gcártaí leighis a choinneáil anois ar feadh trí bliana tar éis dóibh obair a fháil. In ainneoin athrú beartais seo an rialtais le déanaí, tá eagla ar chúplaí áirithe nach mbeidh siad in ann íoc as riachtanais sláinte a bpáistí. Ábhar eile nach eol do roinnt daoine ná, nach mbeidh siad in ann iarratas siarghabhálach a dhéanamh ar chártaí leighis tar éis dóibh post a ghlacadh, fiú má bhí siad i dteideal ceann a fháil agus iad dífhostaithe. Mar sin de, is gá go mbeadh cárta leighis agat cheana féin le go mbeidh deis agat é a choinneáil ar feadh trí bliana tar eis filleadh ar obair.

3.6 Athruithe sna critéir don Scéim Fiontair um Fhilleadh ar Obair: Constaic Institiúideach agus Chomhthéacs

Ó na hagallaimh leathstruchtúrtha a eagraíodh le headránaithe LES[15] agus le hOifigeach Fiontair BAP[16], is léir go bhfuil tionchar díréireach ag an scéim liúntais fiontair um fhilleadh ar obair ar náisiúnaigh eachtracha. Nuair a athraíodh an reachtaíocht i mbuiséad 2003, is léir nach bhfaca an rialtas na torthaí diúltacha neamhthoiliúla a bheadh uirthi. I mbunús na gcásanna bíonn ar dhaoine fanacht suas le cúig bliana anois le beith cáilithe faoi na critéir nuacheaptha[17]. Roimhe seo, ba bhealach fiúntach ag náisiúnaigh eachtracha í an scéim seo le gabháil i dtreo an neamhthuilleamaí. Níl an rogha seo ag go leor náisiúnach eachtrach anois, mura bhfanann siad thart ar feadh cúig bliana le bheith cáilithe. Tá deimhniú starógach ina thaobh seo á nochtadh anois.

Tá daoine i mBaile Bhlainséir ag fáil íocaíochtaí forfordheontais chíosa anois do thréimhsí níos faide ná mar a bhí cúpla bliana ó shin. Tá cosúlacht ann go méadóidh critéir nua na scéime liúntais um fhilleadh ar obair an t-aga moille ag daoine idir teacht ar fhordheontas cíosa agus imeacht as. Argóint an-láidir í seo le go bhfillfí ar na céad chritéir, a chuimsigh tréimhse 15 mí. Spreagfadh sé náisiúnaigh eachtracha le smaoineamh i ndáiríre ar fhéinfhostaíocht. Chuideodh sé, freisin, le cur in aghaidh an bhaoil go gcruthófaí díorma nua dífhostaithe fadtéarmacha i mBaile Bhlainséir. Tá tábhacht ar leith leis seo nuair a chuirtear san áireamh gur chláraigh tabhall beo Bhaile Átha Cliath 15, sa dá mhí déag go Lúnasa 2004, an méadú céatadáin is airde daoine ag síniú ar fud Bhaile Átha Cliath, seachas i malartán Ráth Fhearnáin.

3.7 Easpa aitheantais do cháilíochtaí oideachais agus gan sirtheoirí tearmainn ábalta glacadh le cláir oideachais nó freastal ar an 3ú leib-

18 Ba chóir a bheith airdeallach faoi na figiúir seo, de bharr saincheisteanna códála. Uaireanta bronntar stádas dídeanaí ar chliant ach nach nuashonraítear seo ar an mbunachar sonraí agus go bhfuil an cliant códaithe fós mar sirtheoir tearmainn.

héal: Constaic Institiúideach

Ní cóir neamh-aird a dhéanamh de na sárscileanna agus na sárcháilíochtaí atá ag mórán náisiúnach eachtrach agus go háirithe ag dídeanaithe a tháinig go hÉirinn le déanaí. Go sonrach, tá fíorchonstaic ann sa mhéid nach dtugtar aitheantas foirmeálta do cháilíochtaí coibhéiseacha ó thíortha thar lear. Go leor dídeanaithe a bhíonn gafa ag staid cíosa '*catch 22*' roghnaíonn siad clarú ar an iliomad cursaí oiliúna chun an 'leamhthuirse a mhaolú'. Mar iarthoradh air seo, bíonn an-chuid náisiúnach eachtrach agus dídeanaithe á dtarchur siar agus aniar i measc gníomhaireachtí tacaíochta. Mar a sheasann cúrsaí, níl lánúsáid á baint as scileanna na náisiúnach eachtrach, rud is ionann agus cailliúint do mhargadh saothair na hÉireann. Is é an dainséar, ar ndóigh, go meallfar daoine chuig obair sa 'gheilleagar dubh'. Go starógach, tá seo ag tarlú níos minicí, agus tá daoine ag roghnú glacadh le dualgais sealoibre oíche agus obair ar nós ghnó an bhia ghasta / cúiréara.
De réir thaifid an bhunachair sonraí[18] ag Feidhmeannach Sheirbhís Sláinte an Limistéir Thuaidh, bhí 286 sirtheoir tearmainn ag fáil fordheontas cíosa i mBaile Átha Cliath 15 i 2004. Go teicniúil, ní thig le sirtheoirí tearmainn atá ar fhordheontas cíosa dul i mbun oideachais lánaimseartha. Dá bhfaighfí amach ina dhiaidh sin go raibh siad ag freastal ar chúrsa lánaimseartha, d'fhéadfadh siad an fordheontas cíosa a chailliúint. I gcásanna áirithe bíonn sirtheoirí tearmainn ag fanacht le blianta fada ar rialú ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannas agus Athchóirithe Dlí i leith a gcáis. I gcúinsí dá shórt d'fhéadfadh daoine éirí domheanmnach de bharr a neamhghníomhachta. Ba chóir an chonstaic theicniúil seo a chealú agus fáil réidh leis an ábhar imní a bhíonn ar shirtheoirí tearmainn áirithe go gcaillfidh siad a bhfordheontas cíosa, nuair nach bhfuil ar siúl acu dáiríre ach ag iarraidh a scileanna Béarla nó TF a fheabhsú.

3.8 Ding cánach agus díchur saothraithe náisiúnta íostuarastail as an líon cánach: Constaic Chomhthéacs

Sa Chlár don Rialtas geallann an comhrialtas FF/PD go mbainfear na saothraithe íostuarastail uile as an líon cánach agus go gcinnteofar san am céanna nach n-íocfaidh ach 20% de shaothraithe an ráta níos airde cánach ar a dtuarastail. Ach, mar is féidir a léirmhíniú ón tábla thíos tá níos mó daoine ag íoc cánach anois ag an ráta ard de 42% ná mar a bhí i 2003. Feidhmíonn seo mar dhídhreasacht bhreise do dhaoine atá ag iarraidh filleadh ar an bhfórsa saothair, nuair a dhéanann eadránaí LES nó Oifigeach Leasa Shóisialaigh Pobail 'glanioncam míosúil' nua amach do dhuine, ag cur san áireamh caillteanais ar fhordheontas cíosa agus ar shochair thánaisteacha. Chomh luath agus a shaothraíonn duine singil níos mó ná €29,400, gearrtar cáin de 42% ar an gcuid eile dá t(h)uarastal.

Is amhlaidh gur bhain buiséad 2005 gach Íostuarastal Náisiúnta den líon cánach. Ach, toisc gur mhéadaigh an t-íostuarastal go €7.68 san uair, tá dlite ar roinnt daoine atá ar thuarastail an-ísle cáin a íoc arís ag an ráta caighdeánach. De réir an ESRI tá na mílte fostaí san earnáil phríobháideach ag saothrú níos lú ná an íostuarastal anois, agus gan iad clúdaithe ag Acht an Íostuarastail Náisiúnta. Tá a mbunús faoi 18 bliana d'aois, ar phrintíseachtaí nó ag obair i bhfostaíocht chosanta.

3.9 Fordheontas Ioncaim Teaghlaigh (FIS): Constaic Chomhthéacs

Tionscnaíodh FIS chun an luachsaothair

ar obair a mhéadú trí ioncam breise a sholáthar do theaghlaigh ar phá íseal. Mar shampla, d'fhéadfadh tuismitheoir aonair ar thuarastal íseal a bheith i dteideal FIS, maraon leis an Íocaíocht do Theaghlach Aontuismitheora, Sochar Mná Céile Tréigthe, nó Pinsean (Ranníocach) Baintrigh Mhná nó Fir. Mar an gcéanna, má fhaigheann duine Liúntas um Fhilleadh ar Obair mar fhostaí, d'fhéadfadh sé a bheith i dteideal íocaíocht FIS, freisin. D'fhéadfaidís siúd atá ar FIS a bheith i dteideal íocaíochtaí, freisin, ar nós liúntas breosla, liúntas éadaí agus coisbhirt le filleadh ar scoil.

Ach, chun go mbeadh fíorthairbhe á baint as FIS, is gá go gcoinneofaí é céim ar chéim le méadaithe sa mheántuarastail. Ríomhtar FIS ag 60% den difríocht idir meánioncam seachtainiúil agus an teorainn ioncaim i leith mhéid an teaghlaigh. Is gá an comháireamh seo a athscrúdú. Níl FIS ar fáil ach ag teaghlaigh ísealioncam le leanaí agus eisiaíonn sé, mar sin, cúplaí gan leanaí. Ina theanntasan, ní thig FIS a fháil má bhíonn tú páirteach i scéim CE, cé go bhféadfá, dá mbeifeá ar thionscnamh post nó ar Scéim Geilleagair Shóisialta.

Mír 4 Ceisteanna a Éiríonn i leith Seirbhísí Bhaile Bhlainséir

Tá tionchar diúltach ag gaiste bochtaineachta an fhordheontais chíosa ar go leor gníomhaireachtaí éagsúla a bhíonn ag idirghníomhú le daoine faoi mhíbhuntáiste atá ina gcónaí i mBaile Bhlainséir. Anseo thíos, tugtar gearrthuairisc ar na deacrachtaí a bhí ag roinnt gníomhaireachtaí a mbíonn

Comhpháirtíocht Ceantair Bhaile Bhlainséir (BAP) ag obair go dlúth leo chun cliaint a chur ar aghaidh chun breisoiliúna agus/nó fostaíochta.

4.1 Seirbhísí Oiliúna Bhaile Bhlainséir (BTS)

I 1999, bhunaigh BAP, i gcomhar le FÁS agus na Tionscadail Fostaíochta Pobail, Seirbhís Tacaíochta don Ghréasán Fostaíochta Pobail (CENSS). Thacaigh CENNS le forbairt agus le soláthar scileanna ardchaighdeáin do na Tionscadail Fostaíochta Pobail i mórcheantar Bhaile Bhlainséir. I 2004, d'athraigh sé a ainm go Seirbhísí Oiliúna Bhaile Bhlainséir (BTS). Thug seo aitheantas don miontreoir níos leithne atá aige anois maidir le hoiliúint agus tacaíocht do chliaint i leith fostaíochta. Eagraíonn an BTS anois cúrsaí oiliúna mar, Sláinteachas agus Ullmhú Bia agus Clár *Safepass*. Tarchuireann BTS agus Tionscnamh na bPost Lánaimseartha go leor dá gcliaint chuig BAPTEC Ltd., chun freastal ar oiliúint dheimhnithe i leith TF.

De réir Cathy McLoughlin, Comhordaitheoir an BTS, tá a cásualach comhdhéanta níos mó in aghaidh an lae de chliaint atá ceaptha sa ghaiste bochtaineachta. Is ceann de phríomhábhair imní an BTS é, má tharlaíonn go bhfuil an iomarca daoine sa chás seo acu, go mbeidh tionchar diúltach aige ar an tseirbhís is féidir leo, faoi dheireadh, a sholáthar do chliaint sa mheán-go-fadtéarma. Leagann BTS síos spriocanna maidir le aschuir bliantúla agus dul chun cinn don tseirbhís, a ndéanann na páirtithe maoinithe dianscrúdú orthu. Murar féidir le BTS thorthaí an dul chun cinn thar thréimhse a léiriú ar chásualach cliant, beidh mórdheacracht aige a chruthú go bhfuil gá ar bith é a bheith ann.

Cheana féin tá athchúrsáil á déanamh ar na dífhostaithe fadtéarmacha de bharr

19 *Time to share the wealth*, Anailís Réamh-Bhuiséid 2005, INOU
20 Tuarascáil Ghrúpa na bPáirtithe Sóisialta faoin bhFordheontas Cíosa, Lúnasa 2004

gaiste an fhordheontais chíosa, agus tá siad á dtarchur siar is aniar idir gníomhaireachtaí oiliúna éagsúla. Má mhaireann an staid seo d'fhéadfaí foireann thúslíne na ngníomhaireachtaí seo a dhíspreagadh. Dainséar eile atá ann, má tá grúpa daoine ag freastal ar chúrsaí éagsúla agus ag diúltú do thairiscintí oibre de bharr a gcruachásanna, tharlódh go mbeidh tionchar diúltach ag a ndearcadh ar dhaoine ar mhaith leo dul chun cinn, dáiríre.

4.2 LES/Joblink

Tá Seirbhís Fostaíochta Áitiúil (LES) Bhaile Bhlainséir ag feidhmiú faoi chúram Chomhpháirtíocht Ceantair Bhaile Bhlainséir. Tugann an LES rochtain ar raon leathan tacaí agus seirbhísí do dhífhostaithe fadtéarmacha, d'fhonn cuidiú leo fostaíocht a fháil. Tugann eadránaithe LES treoir dhuine-le-duine agus tacaíocht do dhífhostaithe fadtéarmacha. De réir Gerry Keogh, Bainisteoir LES Bhaile Bhlainséir, ní bhíonn an misneach ag cliaint nua a chláraíonn leis an tseirbhís glacadh le fostaíocht, de bharr an ghaiste bhochtaine chíosa. Ní bhíonn tuiscint ag cuid acu ar a gcruachás go dtí go dteastaíonn uathu glacadh le tairiscint ar phost agus go gcuireann an t-eadránaí san ionad for-rochtana ar an eolas iad faoin aincheist. Tá cuid d'eadránaithe an LES míshoiléir faoin dóigh go díreach ina bhfeidhmíonn Oifigigh Leasa Pobail na rialacha i leith fordheontas cíosa. Tuairiscítear go bhfuil an bhearna faisnéise seo ag cur moill ar thréimhse dhul chun cinn na gcliant. Is léir go bhféadfaí an sruth faisnéise cumarsáide faoi na treoirlínte don fhordheontas cíosa a fheabhsú a thuilleadh idir na gníomhaireachtaí éagsúla.

Mír 5 Moltaí

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Moladh 1: Is gá an teorainn tairsigh de €327.43 a rialaíonn choinneáil na sochar tánaisteach a mhéadú go suntasach. "Cuireann sé as go mór do dhaoine i gcóiríocht ar cíos príobháideach, a dteastaíonn uathu páirt a ghlacadh i gCláir Ghníomhacha an Mhargaidh Shaothair, mar an Fhostaíocht Pobail agus Tionscnamh na bPost, agus ar na dífhostaithe fadtéarmacha a fhilleann ar obair." [19]

Moladh 2: Is cóir scéim phíolótach a eagrú i gceantar Bhaile Átha Cliath 15, ag méadú an teorainn tairsigh a fheidhmítear go héifeachtach nó ag caolú an fhordheontais chíosa do ghrúpa trialach ar feadh bliana, b'fhéidir. Is gá go mbeadh an grúpa roghnaithe comhchosúil leo siúd atá ag fáil fordheontas cíosa (an rialghrúpa). D'fhéadfaí na torthaí ón dá ghrúpa a chur i gcomparáid dhíreach lena chéile ansin.

Bunaíodh grúpa oibre faoi Bhuanú an Dul Chun Cinn chun tuairisc[20] a ullmhú ar Fhordheontais Chíosa. I measc na dtuairimí agus na saincheisteanna a tháinig ón ngrúpa oibre bhí:

a) *Eisiamh céile/páirtí atá i bhfostaíocht lánaimseartha.* D'fhéadfadh diúltach a aige seo ar gan leanaí nach féidir a éileamh.

Moladh 3: D'fhéadfadh tionchar a bheith ag cúplaí ós rud é leo FIS

Athscrúdaigh comháireamh an Fhordheontais Ioncaim Teaghlaigh agus leathnaigh an clúdach atá aige chuig teaghlaigh gan leanaí.

b) Tá gá ann go gcuirfí go leor tacaí tithíochta i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais daoine ar ioncaim ísle nach féidir leo a dtithe féin a cheannach. “Is cóir go mbeadh beartas tithíochta comhtháite ann, a fhreastalaíonn ar riachtanais tithíochta na ndaoine atá faoi láthair ag brath go fadtéarmach ar fhordheontas cíosa.”

Moladh 4: Aischuir an teidlíocht do Liúntas Fiontair um Fhilleadh ar Obair ó 3 bliana go 15 mí.

Moladh 5: Bain na saothraithe uile atá ar an Íostuarastal Náisiúnta as an líon cánach.

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus Comhairlí Contae

Moltaí 6: Is gá tuilleadh tithe sóisialta inacmhainne a thógáil go náisiúnta. Tá sochaí na hÉireann ag bloghadh de réir a chéile. Tá níos mó tuismitheoirí aonair ann, de bharr bristí pósta, go pointe áirithe, agus daoine ag pósadh níos déanaí ina saoil. Is gá é atá ag méadú in aghaidh an lae, go dtógfar árasáin agus áitribh aonair a fhreastalóidh ar éilimh grúpaí tosaíochta sonraithe. Is cóir don Rialtas féachaint an féidir creidmheas cánach tithíochta in-aisíoctha a thionscnamh chun cuidiú le daoine ar ioncaim ísle íoc as a gcuid tithíochta san earnáil chíosa phríobháidigh.

Moladh 7: Is cóir d’údaráis áitiúla agus d’Fheidhmeannach na Seirbhíse Sláinte níos mó Oifigeach Comhionannais a fhostú. Dhéanfaidís maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt beartas agus cleachtas in aghaidh leatroime i réimsí éagsúla beartais.

Roinn an Tánaiste, Sláinte agus Leanaí

Moladh 8: Leathnaigh clúdach na gcartaí leighis chuig páistí faoi 18 bliana d’aois d’fhonn daoine a spreagadh le filleadh ar obair. “Tháinig méadú 7.5% ar na treoirlínte ioncaim a

21 Oibrithe imirceacha, dídeanaithe, daoine le cead fanachta.
22 Tá RAS le feidhmiú thar thréimhse cheithre bliana, le húdaráis áitiúla ag glacadh na freagrachta ón bhFeidhmeannach Ardseirbhísí as daoine a fhaigheann fordheontas cíosa tithíochta. Tá sé i gceist go n-athrófar gach cliant Fordheontais Chíosa de 18 mí nó níos mó chuig RAS thar thréimhse cheithre bliana.